



An Bhruiséil, 20 Samhain 2025
(OR. en)

15717/25

VETER 121
AGRILEG 182
PHARM 170
MI 934

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Samhain 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 699 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ón gCoimisiún ar an staid a mhéid a bhaineann le hainmhithe den speiceas eachaí a chóireáil le táirgí íocshláinte agus iad a eisiamh ón mbiashlabhra, lena n-áirítear maidir le hallmhairí ainmhithe den speiceas eachaí ó thríú tíortha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 699 final.

Faoi iamh: COM(2025) 699 final



An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 699 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir leis an measúnú ón gCoimisiún ar an staid a mhéid a bhaineann le hainmhithe den speiceas eachaí a chóireáil le táirgí íocshláinte agus iad a eisiamh ón mbiashlabhra, lena n-áirítear maidir le hallmhairí ainmhithe den speiceas eachaí ó thríú tíortha

1. RÉAMHRÁ

Leis an tuarascáil seo, comhlíontar oibleagáid an Choimisiúin mar a leagtar amach in Airteagal 158 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta) measúnú a dhéanamh ar an staid maidir le cóireáil ainmhithe den speiceas eachaí (e.g. capaill, asail, miúileanna, etc.) le táirgí íocshláinte tréidliachta, agus maidir lena n-eisiamh ón mbiashlabhra, lena n-áirítear maidir le hallmhairí ó thríú tíortha.

Leagtar amach inti freisin na conclúidí ón gCoimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an staid mar atá agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte phoiblí, ar leas ainmhithe, ar an riosca calaoise agus ar an gcothrom iomaíochta le tríú tíortha.

2. CÚLRA

Faoi reachtaíocht an Aontais², meastar gur bia-ainmhithe iad ainmhithe den speiceas eachaí (ar a dtugtar ‘dlúthchrúbaigh’, ‘eacha’, ‘ainmhí/ainmhithe den speiceas eachaí’ nó ‘eachainmhithe’ freisin)³. Chun an tsláinte phoiblí a chosaint, ní mór eacha a eisiamh ar bhealach do-athraithe⁴ ón mbiashlabhra más rud é gur cóireáladh iad le táirgí íocshláinte ina bhfuil substaintí gníomhacha a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid i mbia-ainmhithe⁵ nó nach gceadaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 470/2009⁶ (an Rialachán maidir le hUasleibhéil Iarmhar). Ba cheart moill 6 mhí a chur ar mharú bia-each i gcás inar tugadh substaintí dóibh atá i liosta na substaintí

¹ Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/OJ>).

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) 2016/429, (AE) 2016/1012 agus (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le hainmhithe eachaí a shainnithint agus a chlárú agus lena mbunaítear múnla de dhoiciméid aitheantais le haghaidh na n-ainmhithe sin, Airteagal 38 (IO L 213, 16.6.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/963/OJ).

³ Rialachán (AE) 2019/6, Airteagal 4(38).

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 ón gCoimisiún, Airteagal 38 go 42.

⁵ Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoir 81/602/CEE, Treoir 88/146/CEE agus Treoir 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1996/22/OJ>), arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn I, Tábla 2 ó Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus aicmiú na substaintí sin i ndáil le huasleibhéil iarmhar in ábhair bheatha de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2010/37\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2010/37(1)/oj)).

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/470/OJ>).

fíor-riachtanacha chun eachainmhithe a chóireáil⁷ (an liosta substaintí fíor-riachtanacha). Faoi choinníollacha áirithe, is féidir táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe le haghaidh speicis eile ainmhithe nó táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a thabhairt do bhia-eacha i gcás nach bhfuil aon táirge údaraithe ná ar fáil ar an margadh le haghaidh tásca áirithe⁸.

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair⁹, ní fhéadfaidh ach an tréidliacha freagrach nó an t-údarás inniúil eacha a eisiáimh ón mbiashlabhra. Go leor de na hainmhithe a phóraítear agus a thógtar san Aontas agus a chríochnaíonn sa bhiaslabhra is iarpheataí, iarainmhithe spóirt nó iarainmhithe pórúcháin iad. Is minic gur dúshlán é an bhraistint shóisialta ar eacha mar pheataí, mar ainmhithe spóirt nó mar ainmhithe pórúcháin do chur chun feidhme na gceanglas dlíthiúil a bhaineann leis na rioscaí sábháilteachta bia a bhaineann lena gcóireáil le táirgí íocshláinte.

Go ginearálta, déantar margadh na dtáirgí íocshláinte tréidliachta a dheighilt idir bia-ainmhithe agus peataí; cumhdófar riachtanais chóireála go leor speiceas leis an dá earnáil. Tá margadh ilroinnte ann mar thoradh air sin¹⁰. I gcás feirmeoirí beostoic, ní mór cóireáil ainmhithe a bheith cost-éifeachtúil. Ina theannta sin, léiríodh le breithnithe ón tionscal sláinte ainmhithe maidir le toradh ar infheistíocht agus an costas a bhaineann le táirge íocshláinte tréidliachta a choinneáil ar an margadh go ndíspreagtar forbairt táirgí íocshláinte tréidliachta nua leo. Tá tionchar níos mó ag an staid sin ar tháirgí íocshláinte le haghaidh tásca nach bhfuil chomh coitianta céanna agus ar speicis ainmhithe a bhfuil líon níos ísle daonra acu. Mar shampla, an costas a bhaineann leis na sonraí is gá a sholáthar chun uasleibhéil iarmhar a shocrú le haghaidh na substaintí gníomhaí atá i dtáirgí íocshláinte tréidliachta, d'fhéadfadh sé nach ndéanfadh sé sin toradh ar dhíolacháin an táirge sin a dhlísteáil i gcás na mbia-each.

Ceann d'aidhmeanna an Rialacháin maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2022, is ea infhaighteacht táirgí íocshláinte tréidliachta a mhéadú, agus an leibhéal is airde cosanta sláinte poiblí agus ainmhithe agus cosanta comhshaoil á ráthú an tráth céanna. Leis an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, leagtar síos forálacha sonracha arb é is aidhm dóibh infhaighteacht cóireálacha íocshláinte le haghaidh each a mhéadú agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar a sláinte agus ar a leas, agus an tsláinte phoiblí a chosaint an tráth céanna.

Tá roinnt de na forálacha níos ginearálta agus tá siad dírithe ar¹¹ údarú táirgí íocshláinte tréidliachta atá beartaithe le haghaidh margáí teoranta¹², amhail eacha, a dhreasú. Faoi choinníollacha áirithe, ceadáítear leis an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta

⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/901 ón gCoimisiún lena mbunaítear liosta substaintí atá fíor-riachtanach le cóireáil a chur ar speicis eachaí, nó a bhfuil sochar cliniciúil breise ag baint leo i gcomparáid le cineálacha eile cóireála atá ar fáil do speicis eachaí agus a mbeidh sé mhí i gceist lena dtréimhse tarraingthe siar do speicis eachaí (IO L, 2025/901 20.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/901/OJ) agus Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear, i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta, liosta substaintí atá fíor-riachtanach chun cóireáil a chur ar eachainmhithe (IO L 367, 22.12.2006, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1950/OJ>), arna leasú.

⁸ Rialachán (AE) 2019/6, Airteagal 113 i gcomhar le hAirteagal 115.

⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 ón gCoimisiún, Airteagal 38.

¹⁰ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Measúnú tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta /* SWD/2014/0273 final */.

¹¹ Rialachán (AE) 2019/6, Airteagal 23 (an deis chun iarratas a chur isteach ar mhargáí teoranta gan doiciméadacht áirithe a sholáthar) nó Airteagail 39 agus 40 (e.g. 14 bliana de chosaint sonraí tosaigh).

¹² Ibid., Airteagal 4(29).

freisin táirgí íocshláinte a úsáid lasmuigh de théarmaí an údaraithe margaíochta¹³, an ‘úsáid chascáideach’ mar a thugtar uirthi. Baineann na coinníollacha sin go sonrach le bia-ainmhithe agus le hainmhithe nach bia-ainmhithe iad (amhail eacha atá eisiata ón mbiashlabhra). Chun infhaighteacht táirgí íocshláinte do bhia-eacha a mhéadú, déantar foráil sa Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta freisin maidir le liosta¹⁴ substaintí a bhunú atá fíor-riachtanach le haghaidh cóireálacha each nó a bhfuil breislúach cliniciúil ag baint leo i gcomparáid le roghanna cóireála eile atá ar fáil d’eacha agus nach mór tréimhse aistarraingthe 6 mhí a bheith ann ina leith.

Chun inrianaitheacht agus eisiamh iontaofa ón mbiashlabhra a áirithiú, ní mór eacha san Aontas a shainaitheant trí na modhanna seo a leanas¹⁵: cód uathúil, modh fisiciúil sainaitheantais (trasfhreagróir in-insteallta nó clib cluaise)¹⁶ agus doiciméad aitheantais saolré aonair (ar a dtugtar ‘pas’ freisin)¹⁷. Go ginearálta, ní mór eacha a shainaitheant laistigh de thréimhse atá le cinneadh ag an mBallstát agus sula mbainfidh siad 12 mhí d’aois amach, nó sula bhfágfaidh siad an bhunaíocht inar rugadh siad ar feadh tréimhse níos faide ná 30 lá¹⁸. Ní mór ainmhithe a eisiamh ón mbiashlabhra mar thoradh ar mhoilleanna ar shainaitheant, chomh maith le cailliúint an phas nó aitheantas fisiciúil na n-ainmhithe¹⁹, ach amháin más féidir leis an oibreoir bunús sásúil a thabhairt nár baineadh an bonn de stádas an eich mar a bhfuil sé beartaithe é a mharú lena thomhailt ag an duine de bharr aon chóireáil íocshláinte²⁰. Tá faisnéis sa phas freisin maidir le cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar each aonair ó mharú lena thomhailt ag an duine nó cé acu an bhfuair nó nach bhfuair sé cóireáil íocshláinte le substaintí atá ar an liosta substaintí fíor-riachtanacha²¹. Ní mór do na Ballstáit bunachair sonraí²² a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh an cód uathúil, an cód aitheantais arna thaispeáint ag an trasfhreagróir agus mionsonraí

¹³ Ibid., Airteagail 112, 113 agus 115.

¹⁴ Ibid., Airteagail 115(5) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/901 ón gCoimisiún. Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 122/2013, go dtí an 21 Bealtaine 2027.

¹⁵ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe, Airteagal 114(1) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/OJ>).

¹⁶ Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí a dhéanann ainmhithe talún agus gorlanna a choimeád, agus inrianaitheacht ainmhithe talún agus uibheacha goir áirithe, Airteagail 58 agus 59 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2035/OJ), arna leasú.

¹⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 ón gCoimisiún.

¹⁸ Ibid., Airteagal 21.

¹⁹ Ibid., Airteagal 25(1) agus (2)(d).

²⁰ Ibid., Airteagal 38(2)(b).

²¹ Rialachán Tarmiligthe (AE) 2021/577 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hinneachar agus formáid na faisnéise is gá chun Airteagail 112(4) agus 115(5) a chur i bhfeidhm agus atá le bheith sa doiciméad aitheantais saolré aonair dá dtagraítear in Airteagal 8(4) den Rialachán sin (IO L 123, 9.4.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/577/OJ).

²² Rialachán (AE) 2016/429, Airteagal 109.

an phas agus an ainmhí²³, chomh maith le faisnéis faoi stádas an ainmhí maidir leis an mbiashlabhra²⁴ ('stádas an bhiashlabhra').

D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach bainistiú a dhéanamh ar eacha atá eisiata ón mbiashlabhra i gcás nach bhfuil a n-úinéirí ag iarraidh iad a choinneáil a thuilleadh nó nach féidir leo iad a choinneáil a thuilleadh. Ós rud é go n-eisiatar na hainmhithe sin ón mbiashlabhra, ní mór iad a choinneáil go dtí go bhfaighidh siad bás nó go dtí go ndéantar eotanáis orthu. Mar sin féin, i roinnt Ballstát, ní féidir eotanáis a dhéanamh orthu gan cúis réasúnach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh praghas na heotanáise agus rindreáil a bheith róchostasach ar úinéirí. Dá bhrí sin, tagann an fhadhb chun cinn go bhféadfadh sé nach gcuirfí cóireáil ar roinnt each ionas nach n-eisiafar iad ón mbiashlabhra, agus má dhéantar iad a eisiamh ón mbiashlabhra, d'fhéadfadh go ndéanfaí faillí iontu nó go dtréigfear iad. Chruthófaí saincheisteanna tromchúiseacha sláinte agus leasa ainmhithe leis an dá chás. I mbunaíochtaí atá tiomanta go háirithe do tháirgeadh feola each - d'ainneoin a líon measartha íseal san Eoraip - fágann eisiamh ón mbiashlabhra nach bhfuil aon luach ag baint le heacha in aon chor. Ar an iomlán, cruthaítear dálaí a d'fhéadfadh cleachtas neamhdhleathacha agus chalaíseacha a dhreasú leis na tosca sin, mar a léirítear le cásanna a bhí ann roimhe seo agus le cásanna níos déanaí²⁵. D'fhéadfaí a áireamh leis sin ionramháil a dhéanamh ar an bpas, gan eacha a eisiamh ón mbiashlabhra tar éis cóireála le táirgí íocshláinte nach gceadaítear do bhia-ainmhithe, gan na cóireálacha le cógais den sórt sin a thairfeadh agus aitheantas na n-each a bhrionnú. D'fhéadfadh marú each ar cheart iad a bheith eisiata ón mbiashlabhra a bheith mar thoradh air sin ar fad.

I measc nithe eile, tá feidhm ag na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas a leagtar amach i Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún²⁶ maidir le bia-eacha agus a dtáirgí. Is é sin le rá, ní cheadaítear isteach san Aontas eacha a bhfuil sé beartaithe iad a mharú lena dtomhailt ag an duine agus a cóireáladh leis na substaintí a thoirmistear faoi Threoir 96/22/CE, leis na substaintí toirmisceithe i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún nó le substaintí nach bhfuil i dTábla 1 den Rialachán sin, nó

²³ Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí a dhéanann ainmhithe talún agus gurlanna a choimeád, agus inrianaitheacht ainmhithe talún agus uibheacha goir áirithe, Airteagal 64 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2035/OJ), arna leasú.

²⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 ón gCoimisiún, Airteagail 6(1) agus 7(2)(c).

²⁵ Tuarascáil ón Ollamh Paddy Wall maidir le haitheantas, clárú agus inrianaitheacht eachaí in Éirinn, ar fáil anseo.

²⁶ Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/OJ).

feoil a dhíorthaítear ó na heacha sin a mharaítear i dtríú tíortha. Níl ach roinnt tíortha údaraithe faoi láthair chun eacha beo a onnmhairiú chuig an Aontas²⁷ ná feoil ó heacha a onnmhairiú²⁸.

Chun fianaise a bailíodh idir 2018 agus 2022 ar an staid mar atá a bhailiú agus a anailisiú, cheap an Coimisiún conraitheoir chun staidéar a dhéanamh ('an staidéar'). Ina thuarascáil²⁹, scrúdaigh an conraitheoir roinnt ceisteanna staidéir, bhreathnaigh sé ar na gníomhaíochtaí a mhol údaráis inniúla na mBallstát agus páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an staid mar atá, agus rinne sé measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí sin ar shláinte phoiblí, ar leas ainmhithe, ar an riosca calaoise agus ar chothrom iomaíochta le tríú tíortha. Chun an staidéar a dhéanamh, rinne an conraitheoir cuardach litríochta, shainaithin sé foinsí na fianaise ábhartha agus dhear sé straitéis comhairliúcháin. Sa dara céim, bhailigh an conraitheoir sonraí agus tuairimí ó údaráis inniúla ábhartha agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha agus rinne sé anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

3. MEASÚNÚ AR AN STAID MAR ATÁ

Ós rud é nach raibh ach sonraí an-teoranta nó nach raibh aon sonraí ar fáil do na húdaráis inniúla agus do na páirtithe leasmhara le haghaidh roinnt ceisteanna staidéir, níorbh fhéidir leis an gconraitheoir teacht ar chonclúidí bailí ionadaíoch ar leibhéal an Aontais. Airíodh sna bearnaí sin, i measc nithe eile, sonraí cruinne maidir leis na cúiseanna le heisiamh ón mbiashlabhra, maidir le dul i muinín eotanáise mar thoradh ar eisiamh ón mbiashlabhra nó maidir le céatadán na n-ainmhithe a cóireáladh le táirgí íocshláinte tréidliachta lasmuigh de théarmaí an údaraithe margaiochta sa tréimhse bhreathnóireachta 2018-2022. Díritear sa mheasúnú a chuirtear i láthair thíos ar chroí-ábhar Airteagal 158 den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, i.e. eacha a chóireáil le táirgí íocshláinte agus iad a eisiamh ón mbiashlabhra, lena n-áirítear maidir le hallmhairí ó thríú tíortha.

Tá difríocht mhór idir na Ballstáit maidir le sciar na n-each a eisiatar ón mbiashlabhra, idir 5 % agus 95 %. I roinnt Ballstát ina bhfuil líon níos airde ainmhithe, tá an sciar idir 6 % agus 60 %. Níl faisnéis chruinn ar na cúiseanna atá leis an eisiamh ar fáil go forleathan. Fágann sé sin gur deacair a chinneadh cé acu atá níos dóchúla, eisiamh mar gheall ar chóireáil tréidliachta nó mar gheall ar chinneadh ó na húdaráis inniúla (e.g. sainaithint dhéanach; pasanna dúblacha nó athsholáthair). Is gné thábhachtach é sin, ós rud é go bhféadfadh na bunchúiseanna as a n-eascraíonn eisiamh agus na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun é a sheachaint a bheith difriúil.

²⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/OJ).

²⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraithear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/405/OJ).

²⁹ OPERA Srl, Staidéar ar an staid a mhéid a bhaineann le cóireáil íocshláinte ainmhithe den speiceas eachaí agus a n-eisiamh ón mbiashlabhra — tuarascáil chríochnaitheach, EW-01-25-072-EN-N, an tAontas Eorpach, Lucsamburg, 2025, ISBN 978-92-68-28492-6, doi:10.2875/8634652, le fáil ar <http://data.europa.eu/doi/10.2875/8634652>

A mhéid a bhaineann le heacha a eisiamh ón mbiashlabhra mar gheall ar chóireáil íocshláinte, is é an phríomhchúis atá leis an easpa táirgí íocshláinte a chuirfeadh ar chumas an ainmhí ar cuireadh cóireáil air fanacht sa bhiashlabhra.

Sa staidéar léiríodh tuairimí maidir leis na teorainneacha ar tháirgí íocshláinte tréidliachta nua a fhorbairt agus a údarú le haghaidh bia-each lena n-áiríodh an margadh measartha beag eachaí agus nósanna imeachta costasacha údaraithe margaíochta á mbreithniú. Is measa fós é sin mar gheall ar chineál neamhchoitianta roinnt tásc in eacha, agus an costas a bhaineann leis na sonraí is gá a sholáthar chun uasleibhéil iarmhar a shocrú, chun tréimhse aistarraingthe an táirge íocshláinte tréidliachta shonraigh a chinneadh agus chun an táirge íocshláinte tréidliachta sin a choinneáil ar an margadh. Maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais arb é is aidhm dóibh infhaighteacht táirgí íocshláinte a dhreasú le haghaidh bia-each, léiríodh nach mór an chabhair é eachtarshuíomh uasleibhéil iarmhar faoin Rialachán maidir le hUasleibhéil Iarmhar, ós rud é gurb é costas na staidéar ar an tréimhse aistarraingthe le haghaidh na dtáirgí íocshláinte tréidliachta sonracha an phríomhthoisic theorannaithe. Tá gá le tuilleadh ama chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na bhforálacha nua sa Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta atá dírithe ar infhaighteacht táirgí íocshláinte a dhreasú (e.g. iarratais a chur isteach le haghaidh margaí teoranta)³⁰.

Níorbh fhéidir leis an staidéar sonraí a sholáthar maidir leis an gcéatadán ainmhithe a cóireáladh le táirge íocshláinte tréidliachta lena n-éilíodh a n-eisiamh ón mbiashlabhra, a chóireáiltear le substaint ar an liosta substaintí fíor-riachtanacha nó le táirgí íocshláinte a úsáideadh lasmuigh de théarmaí a gcuid údaruithe margaíochta. Mar sin féin, tuairiscíodh go bhfuil sé coitianta, nuair a cheanglaítear táirgí íocshláinte tréidliachta údaraithe a mbíonn ar fáil i mBallstáit eile faoi Airteagal 113 den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, gur minic a úsáidtear, mar thoradh ar phráinn na cóireála, táirgí íocshláinte a fhágann go n-eisiatar an t-ainmhí ón mbiashlabhra.

Sainaithníodh sa staidéar freisin go bhfuil easpa ginearálta eolais, míthuiscint nó neamhaird ar rialacháin chasta, téacsanna dlí agus treoirínte maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta i measc tréidlianna agus coimeádaithe each mar nithe a chuireann le heacha a eisiamh ón mbiashlabhra. Cuimsíonn sé sin easpa tuisceana ar a bhfuil i gceist le táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid lasmuigh de théarmaí an údaraithe margaíochta i gcomhréir le hAirteagal 112(4) nó 113 den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta i gcomparáid leis an úsáid ‘seachlipéid’ mar a thugtar air, rud nach gceadaítear le reachtaíocht an Aontais.

Is cosúil go bhfuil saincheisteanna leasa ainmhithe a bhaineann le heisiamh ón mbiashlabhra sách neamhchoitianta, mar shampla ainmhithe á dtréigeán nó eotanáis á déanamh orthu. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil saincheisteanna den sórt sin níos coitianta maidir le heacha atá beartaithe do tháirgeadh feola, nach gcuirtear na cóireálacha is fearr ar fáil dóibh go minic ionas nach n-eisiatar ón mbiashlabhra iad. Fágann sé sin go mbíonn tionchar diúltach aige sin ar shláinte agus ar leas na n-ainmhithe sin.

D’fhéadfadh gníomhaíocht chalaíseach i réimsí na sainaitheanta agus na hinrianaitheachta doiciméadaí a bheith mar thoradh ar eacha a eisiamh ón mbiashlabhra chun ainmhithe a eisiatar go neamhdhleathach a thabhairt isteach sa bhiashlabhra. Sainaithníodh 60 cás do thabhairt isteach arís den sórt sin san Aontas idir 2018 agus 2024 leis na sonraí ó Lónra Foláirimh agus

³⁰ De réir na faisnéise atá ar fáil ar [shuíomh gréasáin EMA](#), ó tháinig an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta i bhfeidhm, rinneadh measúnú le haghaidh incháilitheachta ar 17 dtáirge íocshláinte tréidliachta san iomlán a bhí beartaithe le haghaidh ainmhithe den speiceas eachaí faoi Airteagal 23, agus measadh 10 dtáirge a bheith incháilithe.

Comhair an Aontais. Lasmuigh de bhreithnithe maidir le leas ainmhithe, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí calaoiseacha den sórt sin a bheith ina gcúis inní don tsláinte phoiblí ós rud é go bhféadfadh sé gur cuireadh cóireáil ar ainmhithe eisiata le substaintí toirmisceithe nach féidir aon uasteorann iarmhar a bhunú ina leith (i.e. ní féidir aon tréimhse aistarraingthe shábháilte a shocrú). Ar bhonn níos leithne, bíonn tionchar diúltach éagórach ag na gníomhaíochtaí calaoiseacha sin ar chlu na gcoimeádaithe ainmhithe agus na n-oibreoirí bia a sheasann le reachtaíocht an Aontais.

Fuarthas sa staidéar go raibh na sásraí rialaithe atá ann cheana in ann gníomhaíocht chalaioiseach agus neamhchomhlíonadh rialacha an Aontais a bhrath. Mar sin féin, sainathnódh ann freisin go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú i measc na n-údarás inniúil lena mbaineann, nósanna imeachta sceithireachta a chur ar bun agus gníomhaíochtaí rialaithe neartaithe chun luathbhrath agus obair leantach iomchuí na gníomhaíochta calaoisí sin a éascú. Tarraingíodh aird sa staidéar freisin ar roinnt gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an gcomhar, go háirithe comhroinnt na faisnéise atá i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát idir údaráis inniúla agus oibreoirí eachaí, agus cumarsáid fheabhsaithe le páirtithe leasmhara.

I ndáil le hallmhairí bia-each nó a dtáirgí ó thríú tíortha isteach san Aontas, ní dhearnadh aon allmhairiú ainmhithe beo a raibh sé beartaithe iad a mharú le linn na tréimhse breathnóireachta. Léirítear leis na sonraí gur allmhairíodh beagnach 14 000 tona den fheoil a trádáladh san Aontas in 2022 agus, i gcomhréir leis na blianta roimhe sin, gurbh í an Airgintín an príomhonnmháireoir, agus Uragua, Ceanada, an Astráil agus an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh sin. Tugadh faoi deara treocht laghdaitheach le linn na tréimhse staidéir i dtónaí feola a allmhairítear ó thríú tíortha, go háirithe ó Cheanada agus ón Astráil.

Moladh sna tuarascálacha iniúcháireachta is déanaí ón gCoimisiún³¹ go bhfuil gá le córais níos láidre agus forfheidhmiú níos déine ar rialacháin i dtríú tíortha chun éifeachtacht inrianaitheachta ainmhithe a mhéadú. D'fhágfadh na bearta sin go bhféadfaí aon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint agus a rianú, agus a áirithiú nach bhfuil ainmhithe a chóireáiltear le táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe beartaithe lena dtomhailt ag an duine.

Ar deireadh, sa staidéar luaitear neamhréireachtaí idir na ceanglais allmhairiúcháin a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún agus i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle agus an fianú atá sna deimhnithe allmhairiúcháin oifigiúla (lena gceanglaítear faoi láthair fianú comhlíontachta ar feadh tréimhse 6 mhí sula maraítear iad). Dá thoradh sin, tá easpa cothroime iomaíochta ann.

4. MEASÚNÚ AR THUAIRIMÍ NA BPÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA N-ÚDARÁS INNIÚIL MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ A D'FHÉADFADH AN TAONTAS A DHÉANAMH CHUN FEABHAS A CHUR AR AN STAID MAR ATÁ

Tiomsaíodh sa staidéar moltaí ó údaráis inniúla náisiúnta agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a chuirfeadh, dar leo, leis an staid mar atá a fheabhsú. D'fhéadfaí moltaí a aicmiú i gceithre chatagóir: (i) iad siúd ar tugadh aghaidh orthu cheana féin i reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair (mar sin ní gá tuilleadh measúnaithe a dhéanamh orthu); (ii) iad siúd a bhí á gcur chun feidhme; (iii) iad siúd is féidir a chur chun feidhme faoi chreat dlíthiúil an Aontais atá ann faoi láthair, agus (iv) iad siúd a éilíonn athruithe ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun iad a chur chun feidhme. Rinneadh measúnú sa staidéar

³¹ Féach na tuarascálacha iniúcháireachta le haghaidh Uragua [AS\(SANTE\)2018-6457](#) agus [AS\(SANTE\) 2022-7448](#); Ceanada [AS\(SANTE\)2018-6458](#); an Airgintín [AS\(SANTE\)2018-6459](#) agus [AS\(SANTE\) 2022-7442](#); an Astráil [AS\(SANTE\)2019-6653](#) agus [AS\(SANTE\) 2019-6679](#).

ar na moltaí sin i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte phoiblí, ar leas ainmhithe, ar an riosca calaoise agus ar chothrom iomaíochta le tríú tíortha.

De réir an mheasúnaithe, cuirfidh formhór na ngníomhaíochtaí molta a cuireadh chun feidhme nó is féidir a chur chun feidhme faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair feabhas ar shláinte agus ar leas na mbia-each, rud a fhágfaidh go mbeidh níos mó ainmhithe in ann fanacht go dleathach sa bhiashlabhra. Laghdódh sé sin, dá réir sin, an baol nach ndéanfaí aon chóireáil chun eisiáimh ón mbiashlabhra a sheachaint agus na rioscaí leasa gaolmhara a bhaineann leis sin amhail ainmhithe a thréigean nó faill a dhéanamh iontu. Dá laghdófaí na rátaí eisiáimh, laghdófaí an dreasacht a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil agus calaois freisin. Bhainfeadh an tsláinte phoiblí tairbhe freisin as an riosca laghdaithe go dtiocfadh ainmhithe eisiata a chóireáiltear le substaintí toirmiscthe agus neamhcheadaithe isteach arís sa bhiashlabhra go neamhdhleathach.

4.1 Gníomhaíochtaí a bhí á gcur chun feidhme

4.1.1 Athbhreithniú ar an liosta substaintí fíor-riachtanacha

Tugadh an liosta substaintí fíor-riachtanacha cothrom le dáta go deireanach in 2013. I gcomhréir le hAirteagal 115(5) den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/901 ón gCoimisiún. Tá an Rialachán sin bunaithe ar mheastóireacht eolaíoch³² arna déanamh ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Déantar foráil sa liosta nua a leagtar síos le Rialachán (AE) 2025/901 maidir le raon substaintí lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais theiripeacha nó dhiagnóiseacha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu faoi láthair le táirgí íocshláinte atá ann cheana³³, nó a mbeidh sochar cliniciúil breise ag baint leo i gcomparáid leis na roghanna eile atá ar fáil.

4.2 Gníomhaíochtaí is féidir a chur chun feidhme faoi chreat dlíthiúil an Aontais atá ann faoi láthair

4.2.1 Infhaighteacht táirgí íocshláinte tréidliachta a mhéadú le haghaidh bia-each

Tugadh isteach forálacha sonracha sa Rialachán maidir le hUasleibhéil Iarmhar agus sa Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta agus is é is aidhm dóibh infhaighteacht táirgí íocshláinte tréidliachta údaraithe a mhéadú agus, dá réir sin, meastar gurb iad na príomhchumasóirí iad chun feabhas a chur ar an staid mar atá. Sna forálacha sin, tá, i measc nithe eile, eachtarshuíomh uasleibhéal iarmhar³⁴, an fhéidearthacht chun údaruithe margaióchta a thabhairt do mhargaí teoranta³⁵, tréimhsí cosanta sonraí a mhéadú³⁶, an fhéidearthacht níos mó ná aon údarú margaióchta amháin le haghaidh táirge íocshláinte tréidliachta sonracha a thabhairt don sealbhóir údaraithe margaióchta céanna³⁷, etc. **Mar sin**

³² Comhairle eolaíoch faoi Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6 maidir le liosta substaintí a bhunú, ar substaintí iad atá fíor-riachtanach le cóireáil a chur ar speicis eachaí, nó a bhfuil breisluach cliniciúil ag baint leo i gcomparáid le cineálacha eile cóireála atá ar fáil do speicis eachaí agus a mbeidh a dtréimhse tarraingthe siar do speicis eachaí sé mhí (EMA/CVMP/159047/2023, 18 Iúil 2024), ar fáil [anseo](#).

³³ Táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe le haghaidh bia-each nó táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 113 den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta.

³⁴ Rialachán (CE) 470/2009, Airteagal 5.

³⁵ Rialachán (AE) 2019/6, Airteagal 23.

³⁶ Ibid., Airteagal 39 agus 40.

³⁷ Ibid., aithris 54.

féin, cuireadh in iúl leis an staidéar go mbeidh tuilleadh ama de dhíth le haghaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha sin sa Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta chun leas a bhaint as a acmhainneacht iomlán.

Fuarthas sa staidéar freisin go bhféadfaí tuilleadh tacaíochta a thabhairt maidir le hinfhaighteacht táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe cheana féin i mBallstáit eile trí ghníomhaíochtaí amhail cur chun feidhme rianúil an nós imeachta aitheantais ina dhiaidh sin ³⁸ agus beartas tarraingteach táillí a ghlacadh lena laghdófaí costais údaraithe agus chothabhála na dtáirgí íocshláinte tréidliachta sin sa Bhallstát/sna Ballstáit spriocdhírthe nua.

Sainaithníodh sa staidéar gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, amhail taighde nó cur chuige nua samhaltaithe maidir le huasteorainneacha iarmhar le haghaidh eacha atá á gcistiú/á n-urrú ag an Aontas. Mar sin féin, ba ghá a bheith cúramach faoi bhearta cistiúcháin d'iarratasóirí aonair ós rud é go bhféadfadh saobhadh margaidh a bheith ann dá bharr. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag tacú cheana féin le huirlisí agus modhanna nuálacha a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar nochtadh do cheimiceáin agus chun tástáil ar ainmhithe a laghdú trí ionstraimí arna gcistiú ag an Aontas, amhail an Chomhpháirtíocht um measúnú ar rioscaí ó cheimiceáin - PARC³⁹. Mar sin féin, bheadh tacaíocht chistiúcháin nó gníomhaíochtaí eile amhail comhar méadaithe ar leibhéal an Aontais chun sonraí cliniciúla fianaise-bhunaithe a ghiniúint ina rannchuidiú páirteach. Is dúshlán airgeadais freisin iad na costais a bhaineann leis na táirgí íocshláinte tréidliachta nua a údarú (agus costas na staidéar ídithe is gá chun tréimhse aistarraingthe shábháilte a shocrú an-ard), a gcostais chothabhála (e.g. táillí bliantúla, táillí atá nasctha le hathruithe a éilíonn nó nach n-éilíonn measúnú), agus toradh íseal na n-infheistíochtaí atá nasctha le margadh teoranta, do chuideachtaí, go háirithe FBManna.

4.2.2. Feabhas a chur ar an eolas faoi tháirgí íocshláinte atá ar fáil agus a d'fhéadfaí a úsáid i mbia-eacha

Sainaithníodh sa staidéar roinnt gníomhaíochtaí lena n-éilítear comhoibriú i measc tréidlianna, páirtithe leasmhara tionscail, rialtóirí agus taighdeoirí chun eolas, deachleachtas agus dul chun cinn maidir le cóireáil le haghaidh each a chomhroinnt, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Is éard a bheadh i gceist leis sin comhdhálacha, tionscnaimh taighde a eagrú agus bunachair sonraí ar líne a chruthú. D'fhéadfadh ullmhú prótacal cóireála le táirgí íocshláinte tréidliachta atá ar fáil agus le substaintí fíorriachtanacha treoraíocht fhiúntach a sholáthar. D'fhéadfaí a áireamh leis sin nuashonruithe maidir le hathruithe ar reachtaíocht ábhartha an Aontais nó ar reachtaíocht ábhartha náisiúnta ionas go mbeidh cleachtóirí tréidliachta ar an eolas faoina n-oibleagáidí is déanaí.

4.2.3. Rialuithe maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta i mbia-eacha a threisiú

Dá neartófaí forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha maidir le húsáid táirgí íocshláinte i mbia-eacha, chuideofaí le calaois bhia a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an tsláinte phoiblí a chosaint, agus bheadh tionchar dearfach aige sin ar leas ainmhithe freisin. Fuarthas sa staidéar go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe i measc na n-údarás inniúil ábhartha agus a rannóga, laistigh de na Ballstáit agus eatarthu araon, le malartú éifeachtúil faisnéise agus eolais. Chun rialuithe sa réimse sin a fheabhsú, féachadh sa staidéar ar na córais náisiúnta

³⁸ *Ibid.*, Airteagal 53.

³⁹ [Comhpháirtíocht um Measúnú ar Riosca ó Cheimiceáin | Parc \(eu-parc.eu\)](https://eu-parc.eu)

oideasaithe tréidliachta atá ann faoi láthair chun sonraí ar oidis a bhailiú. Mar sin féin, chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil maidir le hoideasú agus úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta de réir stádas slabhra bia na n-ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu, bheadh gá le cumarsáid a dhéanamh leis an mbunachar sonraí aitheantais náisiúnta.

4.2.4 Inrianaitheacht na n-each a fheabhsú

Sainaitníodh sa staidéar roinnt gníomhaíochtaí chun inrianaitheacht a fheabhsú, amhail (i) bunachar sonraí aitheantais coiteann an Aontais a chruthú agus a úsáid, (ii) rochtain dhíreach a thabhairt do chleachtóirí tréidliachta príobháideacha ar bhunachair sonraí ionas gur féidir leo athruithe ar stádas biashlabhra na n-ainmhithe a thairfeadh láithreach, agus (iii) pasanna ainmhithe a dhigitiú. Mar sin féin, is féidir na cuspóirí atá taobh thiar de na gníomhaíochtaí sin a bhaint amach trí reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm.

Mar shampla, trí rochtain inléite amháin ar bhunachar sonraí náisiúnta an Bhallstáit a thabhairt d'údarais inniúla Ballstát eile (nó, de réir mar is infheidhme, do chomhlachtaí tarmlichte sna Ballstáit sin), d'fhéadfaí córas ar líne ar fud an Aontais a chur chun feidhme ina bhféadfadh údarais inniúla faisnéis a fheiceáil agus a mhalartú maidir le sainaitheantais ainmhithe, stádas agus gluaiseachtaí an bhiashlabhra. D'fhéadfadh rochtain léimh-scríofa a bheith ag tréidlianna freagracha ar an gcóras sin freisin chun an stádas biashlabhra is cothroime le dáta atá ag ainmhithe a fháil, agus chun an stádas sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá. Is féidir foirm dhigiteach den phas (cártaí plaisteacha, cártaí cliste nó feidhmchláir dhigiteacha ar ghairis leictreonacha iniompartha) a údarú freisin in éineacht le leagan caighdeánach (leagan páipéir). Ar deireadh, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht atá beartaithe chun grúpaí feasachta a chruthú ar an leibhéal náisiúnta atá dírithe ar shainaitheantais ainmhithe a ghrúpáil le gníomhaíochtaí eile arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcomhar laistigh de na húdarais inniúla náisiúnta agus feasacht a mhúscailt i measc tréidlianna agus coimeádaithe ainmhithe.

4.3 Gníomhaíochtaí a d'éileodh athruithe ar reachtaíocht an Aontais chun iad a chur chun feidhme

4.3.1. Úsáid níos solúbtha de tháirgí íocshláinte tréidliachta a chur chun cinn

De réir an staidéir, d'iarr páirtithe leasmhara go gceadófar maoluithe breise ar Airteagal 106(1) den Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta ionas go bhféadfaí táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí, fiú mura bhfuil an chomhairle sin i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe táirge. Mar shampla cead a thabhairt don tréidlianna an dáileog a laghdú nó a mhéadú, nó minicíocht nó an bealach riartha a athrú. De réir an Rialacháin maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, ní féidir maolú ar an airteagal sin i mbia-eacha ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 113, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 115. Measann páirtithe leasmhara go bhféadfaí bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ghalaír nó ar ghortuithe in ainmhithe trí sholúbthacht den sórt sin a cheadú agus go dtabharfaí deimhneacht dhlíthiúil do thréidlianna agus cóireáil á cur ar na hainmhithe sin. Mar sin féin, ós rud é nach spreagtar eisiámh na n-ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu ón mbiashlabhra ach amháin mar gheall ar an tsubstaint ghníomhach atá sa

táirge íocshláinte a úsáidtear, ní chuirfeadh an tsolúbthacht atá beartaithe feabhas ar an staid mar atá.

Mar sin féin, chiallódh dialltaí ón achoimre ar shaintréithe táirge go n-úsáidfi táirgí íocshláinte tréidliachta lasmuigh de na dálaí a ndearna na húdaráis inniúla a dheonaíonn an t-údarú margaiochta meastóireacht orthu agus a ráthaíonn cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht an táirge íocshláinte tréidliachta lena mbaineann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh ábhair inní don tsláinte phoiblí teacht chun cinn mar thoradh ar dhialltaí den sórt sin mar gheall ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dáileog níos airde nó réimeanna dáileogacha níos faide a úsáid ar shábháilteacht na dtréimhsí aistarraingthe údaraithe agus ar iarmhair a bheith i mbia. Ina theannta sin, tá ábhar inní ann don tsláinte phoiblí a bhaineann le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbacha (FSFM). I ndáil leis sin, aon diall ón achoimre ar shaintréithe táirge a mbeadh éifeachtúlacht níos ísle táirge íocshláinte tréidliachta ar leith mar thoradh air, bheadh tionchar diúltach aige sin ar leas an ainmhí a gcuirfi cóireáil air.

4.3.2. *Leasú ar na critéir maidir le heisiámh ón mbiashlabhra*

Tuairiscíodh sa staidéar gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an t-eisiámh buan a bhaint den bhiashlabhra, lena n-áirítear clásal maidir le tréimhse aistarraingthe sealadaí (e.g. 6 mhí go bliain amháin) nuair a úsáidtear táirgí íocshláinte tréidliachta as a n-eascraíonn eisiámh nó ar chúiseanna riaracháin, amhail sainaitheint déanach an ainmhí nó pas athsholáthair a eisiúint⁴⁰.

De réir an staidéir, mhaígh páirtithe leasmhara go bhféadfadh tréimhse aistarraingthe bliana a bheith leordhóthanach chun beagnach gach iarmhar táirge íocshláinte tréidliachta a chumhdach. Mar sin féin, ba cheart tréimhsí aistarraingthe a ríomh de réir an cháis, agus comhdhéanamh iomlán an táirge íocshláinte tréidliachta (e.g. substaint ghníomhach agus támháin), an bealach riartha agus a réim dháileogach á gcur san áireamh. D'fhágfadh an beart sin go bhféadfadh ainmhithe réimse níos leithne cóireála tréidliachta a fháil agus fanacht sa bhiashlabhra an tráth céanna. Mar sin féin, ní cheadófaí na hainmhithe sin a chóireáil le substaintí toirmisce, agus bheadh gá le dianphróisis faireacháin chun a áirithiú go gcloífi leis an tréimhse aistarraingthe.

De réir roinnt páirtithe leasmhara, chruthódh an moladh sin cothrom iomaíochta d'allmhairí ó thríú tíortha. Mar sin féin, is éard a bheadh i gceist le beart den sórt sin go gcaithfí ar bhealach difriúil le bia-eacha faoi reachtaíocht an Aontais, rud a d'fhágfadh leibhéal níos ísle cosanta tomhaltóirí don speiceas sin i gcomparáid le speicis eile ainmhithe (e.g. eallach, caoirigh, muca, éanlaith chlóis, etc.). D'fhéadfadh sé sin, dá réir sin, an bonn a bhaint de cháil na feola capaill agus glacadh na dtomhaltóirí ina leith.

D'fhéadfadh an togra sin cur le haghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna maidir le leas ainmhithe (e.g. ainmhithe nach bhfaigheann an chóireáil is gá chun eisiámh a sheachaint) agus leis an líon ainmhithe eisiata a laghdú amach anseo, rud a chuirfeadh cosc ar a dtabhairt isteach arís go neamhdhleathach sa bhiashlabhra. Mar sin féin, ní fhéadfaí an cealú ar an eisiámh buan ón mbiashlabhra ná cuimsiú an chláisail tréimhse aistarraingthe shealadaigh a chur i bhfeidhm maidir le hainmhithe a eisítear ón mbiashlabhra faoi láthair ós rud é go

⁴⁰ Ach amháin más féidir leis an oibreoir bunús sásúil a thabhairt nár baineadh an bonn de stádas an eich mar a bhfuil sé beartaithe é a mharú lena thomhailt ag an duine de bharr aon chóireáil íocshláinte.

bhféadfadh ainmhithe a chóireáiltear le substaintí toirmisce the dul isteach sa bhiashlabhra arís.

4.3.3. *Eisiamh córasach na n-each ón mbiashlabhra*

Bhainfeadh an beart sin atá beartaithe le gach each seachas iad siúd a phóraítear go sonrath le haghaidh táirgeadh bia. Mar a tuairiscíodh sa staidéar, bheadh sé deacair deighilt a dhéanamh idir ainmhithe fóillíochta/iomaíochta agus bia-ainmhithe ós rud é nach mbaineann each ach le catagóir amháin le linn a shaolré ar fad. Dá bhrí sin, dá gcruthófaí catagóir chaighdeánach de ‘pheata-each’ lena n-eisiafaí an t-ainmhí ón mbiashlabhra mar shearrach, bheadh roinnt saincheisteanna ann. D’fhéadfadh impleachtaí leasa a bheith ann mar gheall ar an ngá atá le cothabháil ar feadh an tsaoil d’ainmhithe a thagann chun bheith ina n-ualach costasach agus nach bhfuil aon úsáid mhalartach acu, agus d’fhéadfadh iarmhairtí dothuartha a bheith ann i dtéarmaí ainmhithe a ndéantar failli iontu nó a tréigtear. Mar thoradh air sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht chalaíseach agus choiriúil atá dírithe ar na hainmhithe eisiata sin a thabhairt isteach sa bhiashlabhra arís go neamhdhleathach. Bheadh tionchar diúltach follasach aige sin, dá réir sin, ar an tsláinte phoiblí ós rud é go bhféadfadh sé gur cóireáladh na hainmhithe sin le substaintí toirmisce the nach féidir aon uasteorainn iarmhar sábháilte a bhunú ina leith.

5. CONCLÚIDÍ

Is éard is príomhchúis le heacha a eisiamh ón mbiashlabhra mar gheall ar chóireáil íocshláinte an easpa táirgí íocshláinte a chuirfeadh ar chumas an ainmhí ar cuireadh cóireáil air fanacht sa bhiashlabhra.

I ndáil leis sin, bheadh comhar i measc na bpáirtithe leasmhara uile a chuireann leis an nuálaíocht agus le forbairt táirgí íocshláinte tréidliachta le haghaidh bia-each (coimeádaithe ainmhithe, tréidlianna, an saol acadúil, tionscal sláinte ainmhithe agus rialtóirí) ríthábhachtach chun na riachtanais atá ann cheana a shainathint, tosaíocht a thabhairt do thaighde orthu, agus aistriú teicneolaíochta, forbairt táirgí agus na bearta rialála as a n-eascraíonn údarú agus coinneáil táirge íocshláinte tréidliachta ar an margadh a éascú.

Beidh níos mó ama ag teastáil chun go mbainfidh an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta a acmhainneacht iomlán amach agus chun infhaighteacht táirgí íocshláinte a mhéadú. Má dhéantar iarratais ar údarú táirgí íocshláinte tréidliachta a measadh a bheith incháilithe do mhargaí teoranta a chur isteach de réir a chéile, cuirfear leis sin. D’fhéadfaí infhaighteacht níos leithne táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe cheana féin i mBallstáit eile a fheabhsú a thuilleadh trí nós imeachta um aitheantais ina dhiaidh sin a chur chun feidhme go rianúil agus trí bheartas tarraingteach táillí a ghlacadh lena laghdófaí costais údaraithe agus chothabhála na dtáirgí sin sa Bhallstát/sna Ballstáit spriocdhírithé nua. Ina theannta sin, cuideoidh an liosta substaintí fíor-riachtanacha nua freisin le hinfhaighteacht táirgí íocshláinte a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais theiripeacha nó dhiagnóiseacha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu faoi láthair le táirgí íocshláinte is féidir a úsáid i mbia-eacha.

Tá ról lárnach ag tréidlianna in oideasú agus in úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta. Cuimsíonn sé sin eacha a eisiamh ón mbiashlabhra mar gheall ar chóireáil íocshláinte. Ba cheart do ghairm na tréidliachta, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta, leanúint de bheith ag cuidiú le feasacht a mhúscailt i measc cleachtóirí tréidliachta agus coimeádaithe ainmhithe maidir leis an reachtaíocht ábhartha; is é sin maidir le heacha a shainathint agus cóireálacha tréidliachta a

úsáid agus a thairfeadh. D'fhéadfadh dearadh treoirilinte náisiúnta nó prótacal cóireála sonracha a bheith i gceist leis sin, lena n-áirítear maidir le húsáid táirgí íocshláinte lasmuigh de théarmaí an údaraithe margáiochta agus úsáid substaintí atá ar an liosta substaintí fíor-riachtanacha, nó feachtais oiliúna shonracha a eagrú (lena n-áirítear maidir le nuashonruithe ar an reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó ar reachtaíocht ábhartha an Aontais).

Tá comhar agus comhordú treisithe i measc na n-údarás inniúil náisiúnta lena mbaineann, chomh maith le forfheidhmiú neartaithe, rithábhachtach chun gníomhaíochtaí calaoiseacha agus neamhchomhlíonadh rialacha infheidhme an Aontais a shainaithint. Is éard a bheadh i gceist leis an gcomhar treisithe sin faisnéis atá laistigh de na bunachair sonraí náisiúnta a chomhroinnt idir údaráis inniúla na mBallstát agus le hoibreoírí eachaí freisin maidir le sainaitheint, gluaiseacht agus stádas an bhiashlabhra, agus acmhainneacht na reachtaíochta atá ann faoi láthair a uasmhéadú. D'fhéadfaí é a chomhlánú freisin le feachtais chumarsáide fheabhsaithe agus feachtais feasachta leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Tá nósanna imeachta sceithireachta slána seanbhunaithe rithábhachtach freisin chun comharthaí calaoise a bhrath go luath agus chun gníomhaíochtaí rialaithe ábhartha na n-údarás inniúil a spreagadh.

Trí na gníomhaíochtaí thuasluaite a chur chun feidhme, cuideofar leis an staid mar atá a fheabhsú. Feabhsófar leas ainmhithe trí chóireálacha íocshláinte níos iomchuí a bheith ar fáil d'eacha, rud a sheachnóidh a n-eisiamh ón mbiashlabhra agus na rioscaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. gan cóireáil a chur ar ainmhithe chun eisiamh a sheachaint). Trí an líon ainmhithe eisiate a laghdú, laghdófar an seans go ndéanfar gníomhaíocht choiriúil agus calaois, agus laghdófar na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin do shláinte phoiblí agus do leas ainmhithe. Ar deireadh, cuideoidh forfheidhmiú neartaithe dhlí an Aontais le timpeallacht níos athchomhairleacha a chruthú don chalaos.

I bhfianaise an mhéid sin, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla na mBallstát agus le páirtithe leasmhara, cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí thuasluaite faoi chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana a chur chun cinn, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) infhaighteacht táirgí íocshláinte do bhia-ainmhithe den speiceas eachaí a mhéadú; (ii) feacht a mhéadú i measc tréidlianna agus coimeádaithe ainmhithe maidir le rialacha an Aontais maidir le húsáid táirgí íocshláinte i mbia-eacha agus maidir lena n-eisiamh ón mbiashlabhra; agus (iii) comhar agus comhordú idir údaráis inniúla náisiúnta a threisiú, chomh maith le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

Maidir le cothrom iomaíochta le haghaidh allmhairí ó thríú tíortha, tá an Coimisiún ag obair ar thogra chun Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún⁴¹ agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403

⁴¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúcháin oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2235/OJ).

ón gCoimisiún⁴² a leasú a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe caighdeánacha is gá maidir le coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de dhlúthchrúbaigh chlóis agus de dhlúthchrúbaigh géim fiáine agus catagóirí áirithe ainmhithe den speiceas eachaí, faoi seach, a theacht isteach san Aontas. Leis an leasú sin, déanfar an fianú sna deimhnithe ábhartha a ailíniú le ceanglais saolré an Aontais a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún agus i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle chun cothrom iomaíochta a áirithiú do na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún d'iniúchadh a dhéanamh ar na tíortha is onnmhaireoir chun meastóireacht a dhéanamh ar a gcórais rialaithe oifigiúla le haghaidh táirgí ainmhithe atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas, lena n-áirítear feoil capaill.

⁴² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/403/OJ).

LIOSTA GIORRÚCHÁN

FSFM	Fríthsheasmhacht fhrithmhiocróbach
UI	Údarás inniúil
LSFR	Liosta substaintí fíor-riachtanacha
ÚM	Údarú margáíochta
ULI	Uasleibhéal iarmhar
BS	Ballstát
AST	Achoimre ar shaintréithe an táirge
NIADS	Nós imeachta um aitheantais ina dhiaidh sin
TTanna	Tríú tíortha
TÍT	Táirge íocshláinte tréidliachta